Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13490/24**

**AGRI 656**
**AGRIFIN 101**
**AGRIORG 125**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin<br>- Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit<br>- Malartú tuairimí |

De théisclim don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 23 Meán Fómhair 2024, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra maidir leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin**

Tá comharthaí dearfacha téarnaimh le feiceáil i margaí talmhaíochta an Aontais i dtreo staid chobhsaí. Ar an iomlán, tá leibhéil na bpraghsanna i gcomhréir leis na meáin stairiúla, tá laghdú ag teacht ar phraghsanna ionchuir cé go bhfuil siad fós os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID, agus tá laghdú tagtha ar bhoilsciú bia cé go bhfuil na praghsanna fós ard. Dealraíonn sé nach bhfuil an staid chomh dearfach céanna i gcás na margaí gránach agus olashíolta arb í an drochaimsir go príomha a ndéanann difear dóibh.

Trí réimse imní a dhéanann difear do mhargaí talmhaíochta an Aontais:

(1) drochaimsir le linn an earraigh, eadhon an brothall ó dheas agus an díle ó thuaidh, rud a chuir as do roinnt Ballstát agus earnálacha.

(2) leathadh galar ainmhithe, mar shampla ráig an Ghalair Gormtheanga agus an Ghalair Fuilreatha Eipeasótaigh, agus brú méadaithe ar na hearnálacha ainmhithe a bhaineann leis an athrú aeráide; agus,

(3) Saincheisteanna agus ionchais a bhaineann leis an trádáil, ar ábhair imní iad do tháirgeoirí agus ar gá aird a thabhairt orthu, mar shampla imscrúduithe de chuid na Síne in aghaidh dumpála agus an chaibidlíocht leanúnach idir an tAontas agus Mercosur.

De théisclim don chruinniú a bheidh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 23 Meán Fómhair 2024, chuir na toscaireachtaí barúlacha i scríbhinn ar fáil a leagtar amach in 13296/24 agus sna haguisíní a ghabhann leis.

Idir mí Iúil agus mí na Samhna, tá sraith díospóireachtaí beartais beartaithe ag Uachtaránacht na hUngáire sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST), ina ndírítear i ngach ceann acu ar dhúshláin agus ar ionchais amach anseo in earnálacha éagsúla talmhaíochta:

- an 8 Iúil maidir le hearnáil na déiríochta
- an 9 Meán Fómhair maidir le hearnálacha na muc agus na n-éanlaithe clóis
- an 16 Meán Fómhair maidir le hearnáil na mairteola, na laofheola, na caoireola agus na feola gabhair
- an 30 Meán Fómhair maidir le hearnáil na ngránach, earnáil na n-olashíolta agus earnáil an tsiúcra
- an 7 Deireadh Fómhair (le deimhniú) maidir le hearnáil an fhíona
- an 11 Deireadh Fómhair (le deimhniú) maidir le hearnáil na dtorthaí, earnáil na nglasraí, earnáil na beachadóireachta agus earnáil na n-ológ

Beidh achoimre ar thoradh phléití CST sa doiciméad cúlra do dhíospóireacht mhí na Samhna chun Comhairle AGRIFISH a ullmhú.

Foilsíodh cur i láthair an Choimisiúin maidir le díospóireachtaí beartais CST an 8 Iúil, an 9 agus an 16 Meán Fómhair ar thairseach na dToscairí (WK 9920/24, WK 11107/24 agus WK 11423/24).